# Dáil Éireann

AIREAĊT AIRGID. | Department of Finance.

Urraí:—

An Doċtúir Ró-Urramaċ, Miċeál Ó Fógartaiġ, Easboġ Ċill Dá Lua.

An Príoṁ-Aire, Éamon de Valéra, T.D.

Séamus Ó Meaḋra, T.D.

## ĊUN MUINNTIR NA hÉIREANN.

Na Teaċtaí a ṫoġḃar le linn an Toġṫa i Mí na Nodlag so caitte ċun saoirse ár dtíre d'éileaṁ agus do ḋearḃú, do ḃunuiġeadar, de réir an úġdaráis a tugaḋ dóiḃ, Dáil Náisiúnta i bPríoṁ-Ċaṫair na tíre. Tá an Dáil sin ag obair go dian ċun go n-admóċaḋ náisiúin an doṁain an ceart céadna a ḃeiṫ ag Éirinn is atá ag an bPólainn, ag an mBóhéim, agus ag na náisiúnaiḃ eile a fuair a saoirse. Cois baile atá an Dáil ag saoṫrú go diceallaċ d'ḟonn go ndéanfaḋ na daoine féin an náisiún do neartú ar gaċ sliġe.

Tar éis na gcianta d'ainnsmaċt ta Náisiún na hÉireann tar éis a laincisí do ḃriseaḋ agus teaċt as an uaim 'na raiḃ sí fáiṫte gan eolas uirṫi ag an gcine daonna. Príoṁ-ċúram don Euróip agus do Ṁeiriocá anois iseaḋ saoirse na hÉireann agus an ċríċ a ḃéarfaiḋ í. Ceist i bPoilitiḋeaċt an Doṁain iseaḋ ceist na hÉireann fé láṫair, agus go dtí go ḃfaġaiḋ sí a saoirse in a h-iomláine, beiḋ Éire, fé mar aduḃairt Parnell, "sa tsliġe."

Ċun go gcoimeádfaí Cúis na hÉireann go soiléir os coṁair an Doṁain, agus ċun Náisiún Gaeḋeal do neartú na oileán féin, tá ceaduiġṫe ag an Dáil dleaġṫaċ a ḃunuiġ Teaċtaí Toġṫa an Náisiúin, bannaí le h-aġaiḋ Iasaċt Airgid do ċur ar díol in Éirinn agus ins na Státaiḃ Aontuiġṫe san am gcéadna. Sé méid a cursar ar díol in Éirinn ná luaċ £250,000.

Iarraimíd go muiniġneaċ orṫa so a ḃunuiġ agus orṫa so a ċab-ruiġeann le Dáil Éireann oibriú ar gaċ sliġe atá 'na gcumas i dtreo go n-eirioċaiḋ leis an gcéad Iasaċt so láiṫreaċ.

Is ċun leasa na hÉireann amáin — tír do-roinnte — a úsáidfear an iasaċt so, an méid a ġeobfar amuiġ ċom maiṫ leis an méid a ġeobfar cois baile. Úsáidfear é ċun na gceangal do ḃaint de Ṫráċtáil na hÉireann, agus ċun saorṫead do ḃeiṫ ag an dTráċtáil sin i margaiḃ an domain. Úsáidfear é ċun Seirḃís Consul feiḋmeantaṁail do ṡoláṫar d'Éirinn; úsáidfear é ċun talaṁ do ṡoláṫar dos na daoiniḃ atá 'na ionġnais agus obair don luċt atá díoṁaoin, d'fonn deire da ċur le pláiġ na hImirce: úsáidfear é ċun gaċ eolas d'fáġail maidir le h-áḋbair Tiúscail agus Ceannuiḋeaċta na tíre agus ċun a méaduiġṫe; úsáidfear é ċun cabruiġṫe le hIascaċ Fairrge na hÉireann 'nar tugaḋ failliġe le fada, agus ċun coillte ċur i n-ár ḃfásaiġ loma; beiḋ sé ar fáġail i gcóir, agus úsáidfear é le h-agaiḋ gaċ niḋ a ċabróċaiḋ le neartú an Náisiúin.

Le linn an annró 'nar ġabadar tríd ó ġlúin go glúin do ṁair deiṁin do-ḃriste i gcroiḋṫiḃ Gaeḋeal go raiḃ an tSaoirse i ndán d'á Náisiún. Tré ár bpriḃléidne ḃeiṫ ar marṫain le linn na glúine a ċionn toraḋ an ċreidiṁ uasail sin ár gcine i gceart Dé. Indiu tá diċeall Gaeḋeal díriġṫe ar ḃuadaċtaint éileaṁ an Náisiúin do ṫabairt ċun críċe. Is ċuige sin a cuireaḋ an iasaċt so os ḃur gcoṁair, agus gaċ duine a ṫugann airgead do Ḋáil Éireann anois, tugann sé uaiḋ é ċun uaisleaċt, raṫ, sonas agus neaṁspleaḋaċas na hÉireann da ḋeiṁniú.

ART Ó GRÍOḂṪA
(Príoṁ-Aire Ionaid).

MIĊEÁL Ó COILEÁIN
(Aire Airgid).

Tá an Riaġaltas Gallda ag coimeád na leitreaċa a seoltar ċun Dáil Éireann.

Tabair t'Ḟuirm Iarratais máille leis an airgead dot' Ṫeaċta den Dáil; nó iarr ar luċt do Ḃainnc do ṡíntiús a ċur ċun a n-Árd-Oifige ċun go dtabarfaí dos na hUraiḃ é; nó cuir é ċun cara éigin ar a ḃfuil ionntaoiḃ agat a féadfaiḋ é ṫabairt dos na hUraiḃ.